

# Tomhas Bonnlíne an Ualaigh Riaracháin i gcás na Roinne Coimirce Sóisialaí

Tuarascáil ar Chuid 1 de thomhas bonnlíne an  
ualaigh riaracháin i gcás na Roinne Coimirce Sóisialaí

Tuarascáil dheiridh

29 Bealtaine 2012



Department of Social Protection  
*Helping you build a better life*



**SIRA**  
consulting

---

## Tomhas bonnlíne an ualaigh riaracháin i gcás na Roinne Coimirce Sóisialaí

Tuarascáil ar chuid 1 de thomhas bonnlíne an ualaigh riaracháin i gcás na Roinne Coimirce Sóisialaí

---

Tuarascáil dheiridh 29 Bealtaine 2012

Baile Átha Cliath, 29 Bealtaine 2012

An Roinn Coimirce Sóisialaí:	H. McDonald B. Ryan
SIRA Consulting:	drs. Ing. P.M.H.H. Bex drs. P.A.M. van der Poll Msc.

drs. J.J. van der Heijden



SIRA Consulting B.V.  
Edisonbaan 14 G-1  
3439 MN Nieuwegein  
An Ísiltír

Telefoon: 030 - 602 49 00  
Facs: 030 - 602 49 19  
Web: [www.siraconsulting.nl](http://www.siraconsulting.nl)



## Clár

TOC

TOC

### 1 Réamhrá

### 1 Réamhrá

Sa bhliain 2007 sheol an Coimisiún Eorpach Clár Gníomhaíochta um Ualach Riaracháin a Laghdú, inar socraíodh sprioc chun an t-ualach riaracháin ar ghnóthais ag éirí as reachtaíocht Eorpach a laghdú de 25% faoin mbliain 2012. Shocraigh rialtas na hÉireann a sprioc féin i Márta 2008 chun an t-ualach riaracháin ar ghnóthais a laghdú de 25% faoin mbliain 2012.

Níor mhór an leibhéal bonnlíne a chinneadh sula bhféadfaí an t-ualach riaracháin a laghdú. Chinn rialtas na hÉireann nár mhór tomhas bonnlíne a dhéanamh, dá réir, i dtaca leis an ualach riaracháin ar ghnóthais. Ba cheart go gcinneadh an tomhas bonnlíne an t-ualach riaracháin a ghabh le reachtaíocht na hÉireann sa bhliain 2008 bunaithe ar mhodh na Samhla Costais Chaighdeánaigh.

Thaispeáin tomhais bonnlíne a rinneadh ar an ualach riaracháin i dtíortha eile gur 5% de na hoibleagáidí faisnéise sa reachtaíocht ar a mhéad is cúis le 90% den ualach riaracháin. Dá réir sin chinn rialtas na hÉireann ar thomhas bonnlíne a dhéanamh de na hoibleagáidí faisnéise as a leanann an t-ualach riaracháin is mó. Roghnaíodh na hoibleagáidí faisnéise as reachtaíocht seacht gcinn de ranna rialtais<sup>1</sup> agus na gCoimisinéirí Ioncaim ag ionadaithe ó na ranna sin agus d'fhóraigh gnóthais iad dá éis. Roghnaíodh 170 oibleagáid faisnéise (OF) san iomlán.

Is é príomhaidhm an tomhais bhonnlíne an t-ualach riaracháin a thomhas i dtaca le 170 oibleagáid faisnéise roghnaithe. Dá bhrí sin rinneadh roinnt agallamh gnó le gnóthais chun an meánchostas a ghabh le hoibleagáid faisnéise ar leith a chomhlíonadh agus an méid ama a thóg sé, ar an meán, a fháil amach. Déantar cur síos sa tsamhail costais chaighdeánaigh ar an ngnás comhlíonta agus déantar é a chainníochtú tríd an ualach riaracháin mheánach (P) a mhéadú faoi líon na ngnóthas a chaithefidh é a chomhlíonadh (Q). Pléadh torthaí an tomhais leis na ranna rialtais, na gnóthais agus na cumainn gnó i dtrácht (gheofar liosta na n-eagraíochtaí a bhí bainteach leis an tomhas in agusín II).

Bhí an tomhas bonnlíne seo mar chuid de phlean maidir le simpliú ina ndéarfad conas a dhéanfaidh an Roinn seo bearta a aithint a d'fhéadfadh an t-ualach riaracháin a laghdú ar ghnóthais. Beidh an phlean maidir le simpliú ar fáil i mBealtaine 2012.

Is é tomhas bonnlíne an ualaigh riaracháin maidir le hoibleagáidí faisnéise na Roinne Coimirce Sóisialaí atá faoi chaibidil sa tuarascáil seo. Sa chéad Chaibidil den tuarascáil seo gheofar eolas cúlra agus spriocanna an tionscadail. Sa dara Caibidil mínítear an tslí a ndearnadh an tomhas agus a bailíodh an fhaisnéis in agallaimh le saineolaithe rialtais agus le gnóthais. Déantar cur síos i gCaibidil 3 ar na hoibleagáidí faisnéise a tomhaiseadh i gcás na Roinne seo agus ar na spriocghrúpaí ábhartha. Leagtar amach i gCaibidil 4 torthaí an tomhais bhonnlíne i gcás na mblianta 2008 agus 2011. Pléitear i gCaibidil 5 na bearta maidir le laghdú a d'fhéadfaí a thabhairt isteach. Achoimre atá i gCaibidil 6 ar na torthaí tomhais i gcás na Roinne Coimirce Sóisialaí.


---

<sup>1</sup> An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, An Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí, an Roinn Sláinte, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Airgeadais, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

## 2 An próiseas tomhais

### 2.1 An tionscadal um laghdú an ualaigh riaracháin

Tá tomhas bonnlíne an ualaigh riaracháin i gcás na Roinne Coimirce Sóisialaí ina chuid de thionscadal níos mó a fhéachfaidh le bonnlíne an ualaigh riaracháin a chinneadh i dtaca le gach mír reachtaíochta Éireannaí agus pleananna maidir le simpliú a dhéanamh chun an t-ualach sin a laghdú de 25%. Taispeántar an tionscadal san fhigiúr thíos.



Figiúr 1 Léiriú ar thionscadal rialtas na hÉireann chun tomhas bonnlíne a dhéanamh ar an ualach riaracháin.

Rinneadh an tomhas bonnlíne trí thomhas a dhéanamh ar an ualach riaracháin a ghabh le 170 OF i seacht gcinn de ranna rialtais agus sna Coimisinéirí Ioncaim, a nglactar leis gurb iad na OFanna sin is cúis leis an ualach riaracháin is mó ar ghnóthais in Éirinn. Rinneadh an tomhas bonnlíne in dhá cheann de bhraislí<sup>2</sup>. Cuireadh tús le Braisle A i nDeireadh Fómhair 2011 agus le Braisle B in Eanáir 2012. I gcás gach roinne, rinneadh tomhas bonnlíne ar an ualach riaracháin a ghabh leis an reachtaíocht a bhí i bhfeidhm an 31 Nollaig 2008. Ba é rialtas na hÉireann a chinn an dáta tagartha sin. Déanfar an sprioc maidir le laghdú de 25% a thomhas in aghaidh an ualaigh riaracháin ar an dáta sin. Tá an sprioc maidir le laghdú an ualaigh riaracháin iomlán de 25% comhdhéanta de:


<sup>2</sup> Braisle A: Na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Cumarsáid, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus an Roinn Coimirce Sóisialaí, Braisle B: An Roinn Airgeadais, an Roinn Talmhaíochta, Bia & Muirí, an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, an Roinn Iompair agus an Roinn Sláinte.

## Tuarascáil Dheiridh - Coimirce Sóisialach

- Aon laghdú ar an ualach riaracháin a baineadh amach ó 2008 i leith. Cinneadh na hathruithe ar OFanna ón mbliain 2008 i leith fad a bhí an tomhas bonnlíne á dhéanamh. Ríomhadh an laghdú a baineadh amach (má b'ann dó) idir 2008 agus 2011 agus na hathruithe sin curtha san áireamh.
- Na laghduithe ar ualach riaracháin a scrúdaíodh ach nár cuireadh i bhfeidhm go fóill. D'fhéadfaí na laghduithe féideartha sin a bhaint amach tar éis 2011 ach ní cuid den tionscadal tomhais bhonnlíne iad.
- Smaointe nua chun an t-ualach riaracháin a laghdú. Chun an 25% de laghdú a bhaint amach ar deireadh, ba cheart smaointe nua a cheapadh chun an t-ualach riaracháin a laghdú tuilleadh. Aithneofar na smaointe sin i gceardlanna le gnóthais agus le cinnteoirí ó rialtas na hÉireann.

### 2.2 Mínithe agus an tSamhail Costais Chaighdeánaigh

Chun leasa an phobail a chosaint, leagann rialtais riachtanais éagsúla ar ghnóthais a cheanglaíonn orthu gníomhaíochtaí nó iompraíochtaí áirithe a chur i gcrích nó a sheachaint. Féadann am agus costas a bheith ag baint le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. San fhigiúr thíos gheofar forbhreathnú ar na cineálacha difriúla costais a thabhaíonn gnóthais i dtaca le hoibleagáidí rialtais a chomhlíonadh.



Figiúr 2 Cineálacha difriúla costais ag éirí as oibleagáidí rialtais.

Tagann an t-ualach riaracháin d'oibleagáidí chun faisnéis a sholáthar don rialtas i dtaobh gníomhaíochtaí agus iompraíocht. 'Oibleagáidí faisnéise' a thugtar ar na hoibleagáidí sin. Mínítear ualach riaracháin mar:

*Is é an t-ualach riaracháin an costas ar ghnóthais chun oibleagáidí faisnéise ag éirí as reachtaíocht agus rialacháin Rialtais a chomhlíonadh.*

Fo-thacar de chostais riaracháin is ea an t-ualach riaracháin. Áirítear ar na costais riaracháin gníomhaíochtaí riaracháin a bheadh le comhlíonadh i gcónaí ag gnóthais fiú dá gcuirfí na rialacháin ar ceal. Cuid de na costais riaracháin a bhíonn le comhlíonadh ag gnóthais díreach toisc gur riachtanas reachtúil é is ea an t-ualach riaracháin. Más amhlaidh go gcuirfí gníomhaíocht i gcrích fiú dá gcuirfí deireadh leis an oibleagáid, baineann sé leis na costais riaracháin seachas leis an ualach riaracháin.

#### An tSamhail Costais Chaighdeánaigh

Ríomhtar an t-ualach riaracháin leis an tSamhail Costais Chaighdeánaigh (SCC). Leis an SCC is féidir:

- Léargas mionsonraithe a fháil ar an ualach riaracháin de réir oibleagáid faisnéise nó de réir an Achta.
- Léargas a fháil ar na túsphointí agus ar bhunsonraí ríomh an ualaigh riaracháin, ionas gur féidir éifeachtaí na dtograí laghdaithe a chainníochtú go cruinn.



Telefoon: 030 - 602 49 00  
Facs: 030 - 602 49 19  
Web: www.siraconsulting.nl

- ❑ Costas na mbeart malartach ar an reachtaíocht agus ar na rialacháin cheaptha agus ar a n-éifeachtaí a ríomh.
- ❑ Tuarascálacha iontaofa gasta a dhréachtú i dtaobh fhorbairt an ualaigh riaracháin i gcúrsa théarma rialtais.

Is féidir i gcónaí na sonraí a úsáideadh sa SCC chun an t-ualach riaracháin a ríomh a rianú go dtí a bhfoinse. Déanann sin próiseas trédhearcach de ríomh an ualaigh riaracháin. Gné thábhachtach é sin ar an ábhar:

- ❑ Go bhféadfaí athruithe a dhéanamh amach anseo ar na hoibleagáidí faisnéise chun an t-ualach riaracháin a laghdú. Go gcaithfidh eolas a bheith againn ar cé na foinsí a úsáideadh, chun go mbeidh ríomh na laghduithe chomh hiontaofa agus is féidir.
- ❑ Má iarrtar ceisteanna mar gheall ar mhodh déanta na ríomhanna, ní mór foinse na faisnéise a bheith againn.

Déantar an tomhas bonnlíne ar an ualach riaracháin i gceithre chéim ar leith. Taispeántar na céimeanna sin san fhigiúr thíos. Socraíodh líon na n-agallamh de réir riachtanais na Roinne Coimirce Sóisialaí amháin.

Céim an tomhais		Gníomhaíochtaí tionscadail	
1	Imscrúdú a dhéanamh ar na OFanna (mapáil)		Bailíodh eolas ábhartha i dtaobh gach OF. Mar shampla, an reachtaíocht infheidhme agus na foirmeacha a úsáideadh.
2	Agallamh a chur ar na saineolaithe rialtais		Eagraíodh 6 agallamh le saineolaithe rialtais chun an fhaisnéis ó chéim 1 a fhíorú agus a chomhlánú.
3	Agallamh a chur ar ghnóthais		Eagraíodh 18 n-agallamh le gnóthais chun eolas a bhailiú mar gheall ar an am agus an méid a chosnaíonn sé chun oibleagáidí faisnéise a chomhlíonadh.
4	An t-ualach riaracháin a ríomh agus a thuairisciú		Cuireadh an fhaisnéis isteach sa SCC chun an t-ualach riaracháin a ríomh. Tuairiscíodh na torthaí sa tuarascáil seo.

Figiúr 3 Na ceithre chéim sa tomhas bonnlíne.

## Tuarascáil Dheiridh - Coimirce Sóisialach

### 3 Oibleagáidí faisnéise agus spriocghrúpaí

#### 3.1 Oibleagáidí faisnéise

Roghnaíodh trí cinn déag (13) d'oibleagáidí faisnéise (OFanna), lena dtomhas ar son na Roinne Coimirce Sóisialaí. Sa tomhas bonnlíne seo ríomhadh an t-ualach riaracháin i gcás 11 de na hOibleagáidí Riaracháin sin. Gheofar forbhreathnú ar na hoibleagáidí sin agus tuairisc orthu in Aguisín 1. Gheofar sa tábla thíos forbhreathnú ar na hoibleagáidí faisnéise a tomhaiseadh.

Tábla 1 Oibleagáidí Faisnéise a tomhaiseadh

Nr.	Oibleagáid Faisnéise	Oibleagáidí faisnéise	
		Tomhaiste	Neamhthomhaiste
1	Cigireachtaí Leasa Shóisialaigh	X	
2	Tosach fostaíochta	X	
3	Faisnéis a thabharfar don Aire murar leor an fhaisnéis atá ar fáil	X	
4	Éileamh ar íocaíocht leanúnach i dtaca le Leanaí Cáilithe	X	
5	Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh	X	
6	Sochar Díobhálacha Ceirde / Sochar Míthreorach	X	
7	Alt 13: Rialacháin ina leagtar amach na tosca inar gá do ranníocóirí fostaithe agus a bhfostóirí ranníocaíochtaí fostaíochta a íoc.	X	
8	Alt 17: ÁSPC - Ranníocaíochtaí fostaíochta a íoc agus taifid a choimeád.	X	
9	IR Uimh 312 de 1996: Ceangal dlí ar fhostóir is ea rialacháin maidir le ÁSPC a asbhaint d'fhostaithe. Cuireann na rialacháin sin fhostóirí ar an eolas, leis, i dtaobh na rátaí éagsúla ÁSPC a bhíonn le híoc. Ní thagraíonn an fhostaíocht seo ach d'fhostaithe. Ní thagraíonn sé do dhaoine féinfhostaithe.	X	
10	Alt 23: Rialacháin ÁSPC ina bhforáiltear le haghaidh bailiú ranníocaíochtaí féinfhostaíochta		X
11	Sochar Máithreachais	X	
12	Rialacháin Pinsin		X
13	Árachas sóisialta d'fhostaithe a oibríonn go sealadach in dhá Bhallstát nó níos mó.	X	
<b>Iomlán</b>		<b>11</b>	<b>2</b>

Níor tomhaiseadh an t-ualach riaracháin i gcás dhá cheann de na hoibleagáidí faisnéise roghnaithe.

1. OF Uimh.10 - Rialacháin ÁSPC ina bhforáiltear le haghaidh bailiú ranníocaíochtaí féinfhostaíochta - rinneadh sin mar chuid de thionscadal na gCoimisinéirí Ioncaim.
2. OF Uimh. 12 - Rialacháin pinsin. Baineann na rialacháin seo go príomha le monatóireacht agus le hoibriú scéimeanna pinsin a bunaíodh ar bhonn iontaobhais agus a bhainistítear ar leithligh ón bhfiontar gnó. Ós rud é gur beag ualach rialacháin a bhí ar an bhfostóir níor roghnaíodh aon oibleagáid faisnéise ar leith. Mar sin níor tomhaiseadh aon ualach riaracháin.

Gheofar in Aguisín A liosta iomlán na n-oibleagáidí faisnéise i gcás na Roinne Coimirce Sóisialaí, mar aon le tuairisc ghearr ar gach ceann díobh.

## 3.2 Spriocghrúpaí

Sa tomhas bonnlíne i dtaca le gach OF cinneadh líon na ngnóthas a mbeadh orthu é a chomhlíonadh trí bhunachair shonraí rialtais a úsáid nó meastachán a fháil ó shaineolaithe rialtais. Liostaítear na huimhreacha sa SCC lena n-áirítear an fhoinsé óna bhfuarthas na huimhreacha. Ach i gcás eisceachta amháin, bhí gach gnóthas in Éirinn ar áireamh i spriocghrúpa na Roinne Coimirce Sóisialaí. An eisceacht ná na gnóthais sin a chuireann fostaithe thar lear ar feadh tréimhse fhada. Bhí 600 gnóthas nó geall leis sa spriocghrúpa sin i 2008.

Seachas i dtaca le ÁSPC bhí gach oibleagáid faisnéise nasctha le himeacht ar leith. I gcoitinne baineann sin le fostaithe i ngnóthais a dhéanann iarratas ar liúntas nó ar shochar scéime nó a bhfuil iarratas leanúnach ar liúntas nó ar shochar scéime á dhéanamh acu. I gcás na gcineálacha oibleagáide sin chuimsigh an spriocghrúpa gach gnóthas toisc go mbíonn fostaí amháin ar a laghad ag gach gnóthas.

Taispeánann an tábla líon na n-imeachtaí i gcás na n-oibleagáidí faisnéise ab ábhartha ag an Roinn seo. I gcás gach oibleagáide faisnéise luaitear líon na n-imeachtaí i mbliain tagartha an tomhais bhonnlíne (2008).

Tábla 2 Imeachtaí ar leith a mbaineann na OFanna leo.

Cur síos	Líon na nImeachtaí (2008)
Gnóthais ina ndearna iarfhostaithe iarratas ar Shochar nó ar Liúntas Cuardaitheora Poist	219,000
Cigireacht ar an láthair	3,200
Faighteoirí scéim de chuid na Roinne a fuair post	36,000
Fostaithe a rinne iarratas ar Fhorlíonadh Ioncam Teaghlaigh	28,000
Fostaithe a rinne iarratas ar Shochar Dhíobhála Ceirde	11,000
Fostaithe a rinne iarratas ar Shochar Míchumais	1,600
Fostaithe a rinne iarratas ar Shochar Máithreachais	50,400

## Tuarascáil Dheiridh - Coimirce Sóisialach

### 4 Ualach riaracháin

#### 4.1 An t-ualach riaracháin sa bhliain 2008

B'ionann agus €4.2 milliún sa bhliain an t-ualach riaracháin tomhaiste i gcás Oibleagáidí Faisnéise roghnaithe na Roinne Coimirce Sóisialaí sa bhliain 2008. Leagtar amach san fhigiúr thíos an t-ualach riaracháin de réir Oibleagáid Faisnéise.

Tábla 3 Ualach riaracháin sa bhliain 2008 de réir oibleagáid faisnéise

Líon	Oibleagáid faisnéise	Ualach Riaracháin i € sa bhliain
1	Cigireachtaí Leasa Shóisialaigh	385,400
2	Tosach fostaíochta	255,100
3	Faisnéis a thabharfar don Aire murar leor an fhaisnéis atá ar fáil	2,622,600
4	Íocaíocht leanúnach i leith Leanaí Cáilithe	Ar áireamh in Uimh. 3
5	Forlónadh Ioncam Teaghlaigh	104,200
6	Sochar Díobhálacha Ceirde / Sochar Míthreorach	24,500
7	Alt 13: Rialacháin ina leagtar amach na tosca inar gá do ranníocóirí fostaíthe agus a bhfostóirí ranníocaíochtaí fostaíochta a íoc.	Ar áireamh in Uimh. 8
8	ÁSPC - Ranníocaíochtaí a íoc agus taifid a choimeád	274,700
9	ÁSPC - Oibleagáid ar fhostóirí ÁSPC a asbhaint d'fhostaithe.	Ar áireamh in Uimh. 8
10	Sochar Máithreachais	471,400
11	Árachas sóisialta d'fhostaithe a oibríonn go sealadach in dhá Bhallstát nó níos mó.	62,800
<b>An t-ualach riaracháin iomlán sa bhliain 2008</b>		<b>4,200,700</b>

Is iad na hoibleagáidí faisnéise as a leanann an t-ualach riaracháin is mó:

1. OF 3 – Faisnéis le tabhairt don Aire, go príomha foirmeacha a chomhlánú i dtaca le héilimh; cosnaíonn sin €2.6 milliún agus is ionann é agus 62% den ualach riaracháin sa bhliain. Ag brath ar nádúr na faisnéise a iarrtar, eisíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí foirmeacha éagsúla d'fhostaithe atá ag cur isteach ar nó ag fáil Sochar nó Liúntas Cuardaitheora Poist. Is beag am a thógann sé ar an bhfostóir gach foirm a chomhlánú. Ach is iomaí foirm atá ann dá bhrí sin cuireann sé go mór leis an ualach riaracháin trí chéile.
2. Chosain sé €0.4 milliún foirmeacha iarratais ar Shochar Máithreachais a chomhlánú agus b'ionann sin agus 11% den ualach riaracháin sa bhliain. An phríomhchúis a bhí le méid an fhigiúir ná an líon mór iarratas. Tá an próiseas riaracháin féin simplí go leor.
3. Cosnaíonn cigireachtaí leasa shóisialaigh geall le €0.4 milliún sa bhliain agus is ionann iad agus 11% den ualach riaracháin sa bhliain agus is é an méid ama a thógann sé an chigireacht a dhéanamh is cúis leis sin.

#### 4.2 An t-ualach riaracháin sa bhliain 2011

Níor athraigh an t-ualach riaracháin tomhaiste i gcás oibleagáidí faisnéise roghnaithe na Roinne Coimirce Sóisialaí sa bhliain 2011 agus b'ionann é fós agus €4.2 milliún sa bhliain, toisc nár athraigh an Roinn bonn reachtach na nOibleagáidí Faisnéise tomhaiste. Léiríonn an figiúr thíos an méid in aghaidh gach oibleagáid faisnéise.

Tábla 4 Ualach riaracháin sa bhliain 2011 in aghaidh oibleagáid faisnéise.

Líon	Oibleagáid faisnéise	Ualach Riaracháin i € sa bhliain
1	Cigireachtaí Leasa Shóisialaigh	385,400
2	Tosach fostaíochta	255,100
3	Faisnéis a thabharfar don Aire murar leor an fhaisnéis atá ar fáil	2,622,600
4	Íocaíocht leanúnach i leith Leanaí Cáilithe	Ar áireamh in Uimh. 3
5	Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh	104,200
6	Sochar Díobhálacha Ceirde / Sochar Míthreorach	24,500
7	Alt 13: Rialacháin ina leagtar amach na tosca inar gá do ranníocóirí fostaithe agus a bhfostóirí ranníocaíochtaí fostaíochta a íoc.	Ar áireamh in Uimh. 8
8	ÁSPC - Ranníocaíochtaí a íoc agus taifid a choimeád	274,700
9	ÁSPC - Oibleagáid ar fhostóirí ÁSPC a asbhaint d'fhostaithe.	Ar áireamh in Uimh. 8
10	Sochar Máithreachais	471,400
11	Árachas sóisialta d'fhostaithe a oibríonn go sealadach in dhá Bhallstát nó níos mó.	62,800
<b>An t-ualach riaracháin iomlán sa bhliain 2008</b>		<b>4,200,700</b>


Is iad na hoibleagáidí faisnéise as a leanann an t-ualach riaracháin is mó i gcónaí:

1. OF Uimh. 3 - Faisnéise le tabhairt don Aire, go príomha foirmeacha a chomhlánú i dtaca le héilimh
2. OF Uimh. 10 – foirmeacha iarratais ar Shochar Máithreachais
3. OF Uimh. 1 – Cigireachtaí Leasa Shóisialaigh. Is ionann na trí oibleagáid faisnéise sin agus 84% den ualach riaracháin ar fad.

### 5 Laghduithe ar an ualach riaracháin

#### 5.1 Na laghduithe a baineadh amach

Níor athraigh ualach riaracháin na Roinne Coimirce Sóisialaí idir 2008 agus 2011; b'ionann é agus €4.2 milliún sa bhliain i gcónaí. Taispeántar sin san fhiúir thíos.



Figiúr 4 Comparáid idir an t-ualach riaracháin sa bhliain 2008 agus an t-ualach riaracháin sa bhliain 2011.

#### 5.2 Laghduithe eile atá beartaithe

Níl aon phlean ag an Roinn Coimirce Sóisialaí i láthair na huaire chun an t-ualach riaracháin a laghdú tuilleadh ar ghnóthais. Ach rinne gnóthais roinnt moltaí a d'fhéadfadh laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin. Scrúdaigh réimsí gnó cuí na Roinne a indéanta a bheadh sé na moltaí sin a chur i bhfeidhm sa Roinn agus leagtar na torthaí amach in alt 5.3 seo a leanas.

#### 5.3 Smaointe nua chun an t-ualach riaracháin a laghdú

Le linn an tomhais bhonnlíne luadh smaointe nua chun an t-ualach riaracháin a laghdú in agallaimh le gnóthais agus le saineolaithe rialtais. Scrúdaigh an Roinn a indéanta a bheadh sé na smaointe sin a chur i bhfeidhm agus seo a leanas na torthaí:

##### 5.3.1 Moladh: OF Alt 17 - an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005

Bain úsáid as córas ar líne na gCoimisinéirí loncaim le haghaidh gach tuairisceán ÁSPC. Déantar tuairisceáin ÁSPC tríd an áis seo i gcás fostaithe a oibríonn in Éirinn. Léiríonn tomhas na Roinne seo cuideachtaí a íocann ÁSPC go díreach leis an Roinn ar son fostaithe a cuireadh thar lear chun oibre. Laghdódh sé an t-ualach riaracháin dá bhféadfaí gach tuairisceán a dhéanamh trí chóras na gCoimisinéirí loncaim.

#### Freagra na Roinne

Tá rogha ag fostóirí cheana féin tuairisceán a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim amháin ó bhliain chánach 2011 ar aghaidh. Thaispeáin tomhas an OF seo sa bhliain 2008 gur íoc 618 cuideachta ÁSPC go díreach leis an Roinn ar son fostaithe a cuireadh thar lear chun oibre - laghdaigh líon na gcuideachtaí a rinne amhlaidh i mbliain chánach 2011 go 100.

#### 5.32

Moladh: OF Alt 89 - An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005.

- a. Bain úsáid as faisnéis a cuireadh ar fáil cheana féin le haghaidh Sochar Díobhálacha Ceirde agus Sochar Míchumais. B'fhiú é dá bhféadfadh roinn Rialtais amháin an fhaisnéis ábhartha a sholáthar do roinn Rialtais eile ionas nach mbeadh ar an bhfostaí dhá shraith foirmeacha a chomhlánú.

#### Freagra na Roinne

Féadfaidh fostaí a tholgann breoiteacht nó a ghortaítear san ionad oibre nó fad a bhíonn sé nó sí ag taisteal go dtí an obair nó abhaile uathí Sochar Díobhálacha a éileamh. Íoctar an sochar ar feadh tréimhse 26 seachtaine ar a mhéad. Cuireann iarratasóir foirm MC1 isteach (deimhniú dochtúra agus foirm iarratais in éineacht) - tá roinn ghearr ar an bhfoirm seo le comhlánú ag an bhfostóir. I bhfírinne, is minic nach mbíonn an roinn sin comhlíonta ag an bhfostóir nuair a fhaightear an fhoirm ón bhfostaí. Sna cásanna sin, eisítear foirm OB4 don fhostóir lena comhlánú. Má tá teidlíocht ag an iarratasóir ar Shochar Breoiteachta (má shásaíonn sé/sí coinníollacha ÁSPC na scéime sin, ina n-íoctar na rátaí céanna), ansin d'fhéadfaí an t-éileamh a chinneadh fiú gan deimhniú a bheith faighte ón bhfostóir.

Sochar faoin Scéim Díobhálacha Ceirde is ea Sochar Míthreorach a íoctar le duine a chailleann cumas fisiceach nó cumas meabhrach de dheasca timpiste ag an obair, timpiste fad a bhíonn sé/sí ag taisteal go díreach chun na hoibre nó abhaile uathí, nó a tholgann galar forordaithe ag an obair. D'fhéadfadh duine Sochar Míthreorach a éileamh tar éis deireadh a bheith tagtha leis an 26 seachtain de Shochar Díobhálacha. Toisc go bhféadfaí Sochar Míthreorach a íoc go deireadh saoil ceanglaítear ar an bhfostóir sonraí aon timpiste a dheimhniú. Cé gur leor i bhformhór na gcásanna an fhaisnéis a sholáthraítear i dtaca le Sochar Díobhálacha chun éileamh a dhéanamh ar Shochar Míthreorach, ní hamhlaidh i gcónaí agus bíonn ar an rannóg Sochar Míthreorach teagmháil a dhéanamh leis an bhfostóir chun deimhniú a fháil gur tharla gortú ceirde. Rinneadh 15,347 éileamh sa bhliain 2010 ar Shochar Díobhálacha agus rinneadh 1,652 éileamh ar Shochar Míthreorach. Dá réir sin, ní dhearna ach 10% de na hiarratasóirí ar Shochar Díobhálacha Ceirde iarratas dá éis ar Shochar Míthreorach agus ní bheadh gá le teagmháil eile leis an bhfostóir ach amháin i gcás céatadán beag den 10% sin.

Moladh: OF Alt 232 - an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005

- b. Bain úsáid as faisnéis a chuirtear ar fáil don Fhorlíonadh Ioncaim Teaghlaigh. D'fhéadfaí gach faisnéis riachtanach a fháil ó P60 deireadh bliana an chustaiméara agus d'fhéadfaí deireadh a chur leis an bhfoirm FIS1.

#### Freagra na Roinne

## Tuarascáil Dheiridh - Coimirce Sóisialach

Ceapadh an Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh (FIS) chun tacaíocht a sholáthar do theaghlaigh ar thuilleamh íseal. Coimeádann an scéim seo an dreasacht do na teaghlaigh sin fanacht i bpost i gcás inar fíorbheag an méid atá acu de bhreis ar an méid a bheadh acu ach íocaíochtaí leasa shóisialaigh a éileamh. Bunaítear an méid a íoctar ar chion socraithe den bhearna idir ioncam inmheasúnaithe (glan ar cháin ioncaim, ÁSPC, ranníocaíochtaí pinsin agus MSU) an teaghlaigh agus tairseacha ioncaim an FIS. Chun cáiliú don FIS ní mór do dhuine a bheith i bhfostaíocht inárachais a mheastar a mhairfidh go ceann trí mhí ar a laghad agus a bheith ag obair ar feadh 38 uair an chloig sa choicís nó 19 uair an chloig sa tseachtain ar a laghad. D'fhéadfadh lánúin a n-uaireanta fostaíochta a shuimiú chun na critéir cháiliúcháin a shásamh. Ní mór don iarratasóir leanbh cáilithe amháin ar a laghad a bheith ina ghnáthchónaí nó ina gnáthchónaí leis nó léi nó a bheith mar bhall de theaghlach a dtacaíonn sé nó sí leis.

Ceithre leathanach déag atá san fhoirm iarratais agus iarrtar ar an bhfostóir dhá leathanach a chomhlánú i dtaca leis an bhfostaí. Tá dhá leathanach eile ar an bhfoirm ina ngabhtar sonraí fostaíochta an chéile nó an pháirtnéara más cuí.

Lorgáitear an fhaisnéis ar an bhfoirm iarratais chun a fháil amach an sásaíonn an t-iarratasóir coinníollacha na scéime FIS i dtaca le huaireanta oibre agus glanioncam.

Bíonn sonraí an ioncaim chomhláin ar fáil don Roinn ó na Coimisinéirí Ioncaim, faoi lár na bliana dá éis, de ghnáth. Cé go bhféadfadh na sonraí sin a bheith úsáideach, ní léireodh siad, i mórchuid cásanna, an staid ioncaim is déanaí ag an iarratasóir agus an t-iarratas á dhéanamh ar FIS agus ní mór an staid sin a fháil amach roimh chinneadh a dhéanamh. Rud eile de, ní bhíonn sonraí na n-uaireanta a oibríodh ar fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim agus is é an fostóir amháin a d'fhéadfadh iad sin a fhíorú.

Beart tábhachtach rialaithe ag an Roinn is ea deimhniú tuillimh agus uaireanta a oibríodh ag fostóir an iarratasóra le bheith cinnte go mbíonn na sonraí a fhaightear ón iarratasóir cruinn.

Moladh: OF Alt 253 - an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005

- c. Bain úsáid as faisnéis a cuireadh ar fáil i dtaobh Tús na fostaíochta. I dtaca le sonraí fostaíochta maidir leis an bhliain roimhe d'iarr fostóir amháin an fáth go gcaithfear an fhaisnéis seo a sholáthar ós rud é go gcuireann an fostóir sonraí fostaíochta i dtaca le gach fostaí ar fáil ar an P35 bliantúil, agus cuireann na Coimisinéirí Ioncaim na sonraí sin ar fáil don Roinn seo.

Freagra na Roinne

Gach seachtain cuireann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí i dtaca le tarluithe éagsúla fostaíochta sa tseachtain ar aghaidh go dtí an Roinn agus áirítear ar na sonraí sin dátaí tús fostaíochta. Déantar sonraí na Roinne a chros-seiceáil le comhaid éilimh na Roinne agus eisítear Foirm COE 1 don fhostóir má thugtar forluí faoi deara idir íocaíocht a bheith faighte ón Roinn agus tús dáta fostaíochta a bheith cláraithe. Ní áirítear ar an bhfaisnéis a chuireann na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil na sonraí ar leith atá de dhíth ar an Roinn, is é sin líon na n-uaireanta a oibríodh sa tseachtain ó tosaíodh an fhostaíochta, an ráta pá san uair/sa lá, agus i gcásanna airithe tús dáta na fostaíochta (m.sh. athshocraítear sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim go 01/01/bbbb i gcás nach féidir an dáta a thugann an fostóir a léamh go furasta).

Moladh: OF Alt 47 - an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005

- d. Bain úsáid as faisnéis a chuirtear ar fáil don Sochar Máithreachais. Braitheann fostóirí go gcaithfidh siad an fhaisnéis chéanna a sholáthar go minic. Cuirtear faisnéis i dtaca le taifid



ÁSPC an fhostóra ar fáil ag deireadh gach bliana ar thuairisceán P35 an fhostóra, mar sin braitheann fostóirí go n-iarrtar orthu an fhaisnéis chéanna a sholáthar ar an bhfoirm iarratais ar shochar máithreachais.

#### Freagra na Roinne

Baineann an moladh le Ceist 32 ar an bhfoirm iarratais MB10 ina n-iarrtar ar fhostóir taifead ranníocaíochtaí ÁSPC an fhostaí a sholáthar maidir leis an 12 mhí díreach roimh an tsaoire mháithreachais. Bíonn gá leis an bhfaisnéis sin chun:

- a chinntiú gur íoc an t-iarratasóir ranníocaíocht ÁSPC ag Aicme A laistigh de 16 seachtaine den dáta ar a bhfuil súil lena leanbh (100% d'éilimh);
- an t-iarratasóir a cháiliú do shochar i gcás nár íoc sí dóthain ranníocaíochtaí ÁSPC nó nár cuireadh dóthain ranníocaíochtaí ÁSPC chun sochair di sa bhliain chánach lena mbaineann (< 10% d'éilimh); agus
- a chinntiú, i gcásanna ina bhfuil an t-iarratasóir ag fáil Sochar Breoiteachta, gur íoc sí ranníocaíocht ÁSPC ag Aicme A díreach roimh an sochar sin a éileamh (10% nó mar sin d'éilimh)

Ní bhíonn sonraí an P35 ar fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim luath go leor le go bhféadfadh an Roinn a dheimhniú gur íoc an t-iarratasóir ranníocaíocht ÁSPC laistigh de 16 seachtain den dáta ar a bhfuil súil lena leanbh.

5.3.3 Moladh: Tabhair deis do ghnóthais an fhaisnéis a sholáthar i bhformáid eile. Ní mór d'fhostóirí faisnéis a sholáthar don Aire i gcás sochar agus liúntas áirithe. B'fhéarr le fostóirí asphrionta de shonraí fostaíochta a sholáthar óna gcóras párolla seachas a bheith ag cur faisnéise isteach ar fhoirmeacha de láimh. D'fhéadfadh an Roinn an fhaisnéis riachtanach a fháil ón asphrionta, rud a spárálfadh am ar an bhfostóir.

#### Freagra na Roinne

I gcásanna áirithe glacann an Roinn le faisnéis san fhoráid a mholtar thuas. Mar shampla, glacann an Rannóg Bailiúchán Speisialta anois le hiarratais ar dheimhnithe poist i bhfoirm scairbhíleoge ó fhostóirí. Rinneadh feabhsuithe eile trí athruithe i dtosca i dtaca leis na deimhnithe sin a ghlacadh i ríomhphoist. Laghdóidh sin go mór an méid ama a chaitheann fostóirí ag comhlánú foirmeacha iarratais.

Ach, mar a dúradh in ailt 5.3.2a go 5.3.2d thuas, is casta iad na coinníollacha a chaitheann a shásamh i gcás scéimeanna áirithe agus d'fhéadfadh deimhniú scríofa ón bhfostóir den fhaisnéis a soláthraíodh a bheith riachtanach. Ar deireadh is é an tslí is fusa don fhostóir a chinntiú gur faisnéis chruinn cheart an fhaisnéis a chuirtear ar fáil, agus le cinntiú go mbíonn gach faisnéis riachtanach ag an Roinn le héileamh a chinneadh, asphrionta ó chóras párolla an fhostóra nó cóip de chárta asbhainte cánach an fhostaí a sholáthar maidir leis an tréimhse i dtrácht. Chabhródh an mhír bhreise faisnéise sin le hOifig Bhreithiúnachta a bhíonn ag déileáil le héilimh, laghdú a dhéanamh ar líon na n-iarratas a gcuirtear moill orthu de dheasca faisnéis neamhleor nó faisnéise neamhiomlán a bheith curtha ar fáil ag fostóir. As sin laghdófaí líon na gceisteanna agus an méid faisnéise a lorgaítear ó fhostóirí dá réir, rud a laghdódh an t-ualach riaracháin ar fhostóirí maidir leis seo.

## Tuarascáil Dheiridh - Coimirce Sóisialach

5.3.4 Tá an Roinn tiomanta do thacú le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus le cuspóirí na straitéise ríomhsheirbhísí an Rialtais chun an t-ualach riaracháin ar shaoránaigh agus ar ghnóthais araon a laghdú (*Ag Tacú le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí - ríomhsheirbhísí Rialtais 2012 - 2015 (Aibreán 2012) - <http://egovstrategy.gov.ie> ). Is é cuspóir straitéis na Roinne éilimh agus íocaíochtaí a phróiseáil as seo amach gan pháipéar. I gcásanna nuair is gá comhfhreagras agus foirmeacha páipéir a úsáid, féachfar le teanga shoiléir shimplí a úsáid agus an leagan amach a bheith chomh soiléir agus is féidir le go mbeidh na foirmeacha furasta a líonadh. Faoin Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí tá geallta ag an Rialtas Straitéis ríomhsheirbhísí Rialtais mionsonraithe a chur ar fáil sa bhliain 2012. Sonrófar sa straitéis sin an tslí a mhéadóidh an Rialtas úsáid na seirbhísí leictreonacha agus na próisis roinnte sonraí atá i bhfeidhm cheana féin chun an t-ualach riaracháin a laghdú ar gach custaiméir agus gach gnóthas. Léireoidh sí, leis, an clár um nuachóiriú seachadadh seirbhísí atá faoi lánseol sa Roinn. Leanfaidh an clár sin de bheith ag díriú ar an nuatheicneolaíocht a úsáid ar shlite nuálacha chun acmhainní a úsáid ar na bealaí is éifeachtaí. Rachaidh an Roinn i gcomhar le gníomhaireachtaí eile le cinntiú go roinnfear sonraí idir ghníomhaireachtaí a mhéad is féidir chun laghdú a dhéanamh ar an méid uaireanta a iarrfar ar shaoránaigh agus ar ghnóthais sonraí a sholáthar.*

Tacóidh na nithe seo a leanas linn seirbhísí gan uaim a sholáthar trasna cainéal ar líne agus le teicneolaíochtaí móibileacha: suíomh idirlín nua corparáideach a thosóidh sa bhliain 2012; éifeachtúlachtaí a leanfaidh tabhairt isteach an Chárta Seirbhísí Poiblí (PSC) agus soláthar seirbhísí aitheantais roinnte; agus tríd an tseirbhís nua teidlíochta agus fostaíocht a fhorbairt agus a chomhtháthú. Tacóidh na seirbhísí nua leictreonacha seo le rannpháirtíocht saoránach agus gnóthas i bhforbairt Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí nua na Roinne 2012-2014. Beidh sé riachtanach gaol láidir a fhorbairt le gnóthais agus le fostóirí chun na seirbhísí nua náisiúnta teidlíochta agus fostaíochta a sholáthar.

## 6 Achoimre

- 1 Rinneadh aon cheann déag d'oibleagáidí faisnéise a thomhas ar son na Roinne Coimirce Sóisialaí. Is ionann agus €4.2 milliún sa bhliain, nó geall leis, an t-ualach riaracháin ar ghnóthais as an aon oibleagáid fhaisnéise déag a tomhaiseadh i dtaca le himeachtaí éagsúla, agus an bhliain 2008 ina bliain bhonnlíne. Níor athraigh an Roinn Coimirce Sóisialaí an reachtaíocht a laghdaíonn an t-ualach riaracháin ar ghnóthais i dtaca leis an aon oibleagáid faisnéise déag seo idir 2008 agus 2011.
- 2 Tráth déanta an tomhais, ní raibh aon phlean ag an Roinn Coimirce Sóisialaí athrú a dhéanamh ar reachtaíocht chun laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin ar ghnóthais ag éirí as an aon oibleagáid faisnéise déag seo. . Tá an Roinn chun tabhairt faoi raon gníomhaíochtaí eile, áfach, a laghdóidh ualaí riaracháin eile ar ghnóthais.
- 3 Faoin Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí tá geallta ag an Rialtas Straitéis ríomhsheirbhísí Rialtais mionsonraithe a chur ar fáil sa bhliain 2012. Sonrófar sa straitéis sin an tslí a mhéadóidh an Rialtas úsáid na seirbhísí leictreonacha agus na próisis roinnte sonraí atá i bhfeidhm cheana féin chun an t-ualach riaracháin a laghdú ar gach custaiméir agus gach gnóthas. Lena chois sin, forbrófar suíomh idirlín seachtrach nua chun gur féidir seirbhísí gan uaim a sheachadadh trasna cainéal ar líne agus le teicneolaíochtaí móibíleacha.
- 4 Is é an phríomhtheagmháil a bhíonn ag an Roinn le gnóthais ná faisnéis a lorg uathu mar fhostóirí i dtaca le hiarratas atá déanta ag fostaí nó ag iarfhóstaí ar scéim shochair nó ar scéim líúntais a riarann an Roinn. Dá réir sin, tá gaol láidir idir an t-ualach riaracháin tríd is tríd ar ghnóthais agus líon na n-éileamh a bhíonn á bpróiseáil ag an Roinn ag am ar bith.
- 5 Bhí €17 billiún nó geall leis de bhuiséad ag an Roinn Coimirce Sóisialaí sa bhliain 2008 agus níor chosain an t-ualach riaracháin i bhfoirm Oibleagáidí Faisnéise ach 0.02% de sin. Leanfaidh an Roinn de bheith ag athbhreithniú a chleachtas gnó chun forchostais riaracháin a laghdú, go himheánach agus go seachtrach, ach ní mór don Roinn tús áite a thabhairt d'íarratais ar scéimeanna na Roinne a phróiseáil gan mhoill agus de réir choinníollacha cáiliúcháin na scéimeanna éagsúla. Beidh gá i gcónaí le faisnéis ó ghnóthais chun féachaint chuige go gcomhlíontar na coinníollacha sin. Lena chois sin, cuid dhílis d'obair laethúil na Roinne is ea calaois agus mí-úsáid an chórais leasa shóisialaigh a chosc. Próiseálann an Roinn breis is 2 mhilliún éileamh sa tseachtain agus déantar íocaíochtaí le 1.4 milliún duine, nó geall leis, sa tseachtain. Cuid dhílis d'athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar éilimh custaiméirí ar gach scéim leasa shóisialaigh is ea faisnéis a lorg ó fhostóirí.

### Aguisín 1. Liosta na n-oibleagáidí faisnéise

Gheofar sa tábla thíos forbhreathnú ar na hoibleagáidí faisnéise a roghnaíodh chun tomhas bonnlíne a dhéanamh ar an ualach riaracháin. Níor tomhaiseadh na hoibleagáidí atá scáthaithe - gheofar na cúiseanna leis sin in alt 3.1.

Tábla 5 Oibleagáidí faisnéise a tomhaiseadh.

Nr.	Tagairt don reachtaíocht	Oibleagáid Faisnéise
1	An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005	Cigireachtaí Leasa Shóisialaigh. Ní mór do ghnóthais comhoibriú má thugann cigire de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí cuairt orthu. Ídíonn sin am an ghnóthais, as a leanann ualach riaracháin.
2	An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005	Tús na fostaíochta. Mura mbíonn gach faisnéis i dtaobh fostaí nua ar fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim, ní mór don fhostóir nua faisnéis bhreise a sholáthar. Leanann ualach riaracháin as sin.
3	An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005	Tabharfar faisnéis bhreise don Aire murar leor an fhaisnéis atá ar fáil. Mura bhfuil teacht ag an Roinn ar gach faisnéis is gá chun iarratas a phróiseáil, ní mór don fhostaí, agus uaireanta an fhostóir, faisnéis bhreise a sholáthar. Leanann ualach riaracháin as seo sa chás deireanach.
4	An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005	Éileamh ar íocaíocht leanúnach i dtaca le Leanaí Cáilithe. Más mian le fostaí cur isteach ar íocaíocht leanúnach, ní mór don fhostóir faisnéis a sholáthar. Leanann ualach riaracháin as sin.
5	An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005	Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh. Más mian le fostaí cur isteach ar an bhForlíonadh Ioncam Teaghlaigh, ní mór don fhostóir faisnéis a sholáthar. Leanann ualach riaracháin as sin.
6	An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005	Sochar Díobhálacha Ceirde / Sochar Míthreorach. Má ghortaítear fostaí, féadfaidh sé nó sí cur isteach ar Shochar Díobhálacha Ceirde go ceann 26 seachtain. Má bhíonn sé fós gortaithe ag deireadh na tréimhse sin, féadfaidh sé nó sí cur isteach ar Shochar Míthreorach. Ní mór don fhostóir faisnéis a sholáthar sa dá chás. Leanann ualach riaracháin as sin.
7	An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005	Rialacháin ina leagtar amach na tosca inar gá do ranníocóirí fostaíthe agus a bhfostóirí ranníocaíochtaí fostaíochta a íoc.
8	An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005	ÁSPC - íoc agus tuairisciú ranníocaíochtaí fostaíochta. Ní mór do ghnóthas ÁSPC a asbhaint agus a íoc ar son fostaíthe. Leanann ualach riaracháin as sin.
9	IR Uimh 312 de 1996	Ceangal dlí ar fhostóir is ea rialacháin maidir le ÁSPC a asbhaint d'fhostaithe. Cuireann na rialacháin sin fhostóirí ar an eolas, leis, i dtaobh na rátaí éagsúla ÁSPC a bhíonn le híoc. Ní thagraíonn an fhostaíocht seo ach d'fhostaithe. Ní thagraíonn sé do dhaoine féinfhostaithe.
10	An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005	Rialacháin ÁSPC ina bhforáiltear le haghaidh bailiú ranníocaíochtaí féinfhostaíochta Ar áireamh i dtionscadal tomhais na gCoimisinéirí Ioncaim.
11	An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005	Sochar Máithreachais. Más mian le fostaí cur isteach ar Shochar Máithreachais, ní mór don fhostóir faisnéis a sholáthar. Leanann ualach riaracháin as sin.
12	Acht na bPinsean 1990 (arna leasú)	Baineann na rialacháin Pinsin go príomha le monatóireacht agus le hoibriú scéimeanna pinsin a bunaíodh ar bhonn iontaobhais agus a bhainistítear ar leithligh ón bhfiontar gnó. Ós rud é gur beag ualach rialacháin a bhí ar an bhfostóir níor roghnaíodh aon oibleagáid faisnéise ar leith. Mar sin níor tomhaiseadh aon ualach riaracháin.

SIRA Consulting B.V.  
Edisonbaan 14 G-1  
3439 MN Nieuwegein  
An Ísiltír



Telefoon: 030 - 602 49 00  
Facs: 030 - 602 49 19  
Web: [www.siraconsulting.nl](http://www.siraconsulting.nl)

Nr.	Tagairt don reachtaíocht	Oibleagáid Faisnéise
13	Rialachán AE 1408/1971	Árachas sóisialta d'fhostaithe a oibríonn go sealadach in dhá Bhallstát nó níos mó. Más gá d'fhostaí dul i mbun oibre i mbreis is Ballstát amháin de chuid an AE, ní mór don fhostóir iarratas a chomhdú. Má dheonaítear an t-iarratas, ceadaítear don fhostaí dul i mbun oibre i mbreis is Ballstát amháin, ach ní mór don fhostóir árachas sóisialta a íoc i ngach stát díobh. Leanann ualach riaracháin as an bpróiseas sin.

### Aguisín 11. Eagraíochtaí a bhí páirteach sa tomhas bonnlíne

Tugtar sa tábla thíos forbhreathnú ar na heagraíochtaí a bhí páirteach i dtomhas an ualaigh riaracháin i gcás na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Tábla 6 Eagraíochtaí a bhí páirteach sa tomhas bonnlíne.

Eagraíocht	Ainm
BRU	Don O'Connor Eric Giguère
Coimirce Sóisialaí	Oifigigh Shinsearacha: Helen McDonald Bill Ryan  An Fhoireann Tionscadail: Karen Browne Ciara McDermott Gerry Power Brian Williams